CRO AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

# B83

## *Athrú ar Dheireadh na bliana airgeadais*

Alt 288(4) Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir na cuideachta

Stampa dáta faighe CRO agus barcode

**Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí íniúcháin**

Leis seo, tá

**Ainm na cuideachta**
*ina iomláine*
*nóta a haon*

ag athrú dáta deiridh bliana airgeadais na cuideachta, de bhun Alt 288(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

*nóta a dó*

Is é an dáta deiridh bliana airgeadais nua — Lá | Mí | Bliain

Baineann ainmniú an dáta nua um dheireadh bliana airgeadais le:

*nóta a trí agus a ceathair*

☐ Is é an dáta deiridh bliana airgeadais nua a bheidh ag an gcuideachta

☐ Is é an dáta deiridh bliana airgeadais a bhí ag an gcuideachta roimhe seo

más iomchuí, cuir tic sa bhosca:

Níl feidhm ag alt 288(9) d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir leis an gcuideachta ar an bhforas seo a leanas.

☐ Alt 288(10)(a) Acht na gCuideachtaí 2014 - Is gnóthas sealbhaíochta nó foghnóthas de ghnóthas eile de chuid LEE í an chuideachta, agus tá an dáta nua um dheireadh bliana airgeadais mar an gcéanna anois le ceann an ghnóthais de chuid LEE.

☐ Alt 288(10)(b) Acht na gCuideachtaí 2014 - Tá an chuideachta á foirceannadh

☐ Alt 288(10)(c) Acht na gCuideachtaí 2014 - Ordú ón Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach

**Deimhniúchán**

Deimhním leis seo go bhfuil na mionsonraí go léir san fhoirm seo ceart agus gur soláthraíodh iad de réir na Nótaí ar Fhoirm B83 a Chomhlánú.

Síniú

Ainm *i mbloclitreacha nó i gclóscríbhinn*

*nóta a ceathair*

☐ Stiúrthóir ☐ Rúnaí

Dáta

**Mionsonraí an deontóra**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm | | |
| Seoladh | | |
| | | |
| Uimhir teileafóin | | Uimhir faics |
| Ríomhphost | | Teagmhálaí |
| Uimhir/Malartán DX | | Uimhir thagartha |

## NÓTAÍ COMHLÁNÚCHÁIN FHOIRM B83
## Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha.

***Ginearálta***

Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú ina hiomláine agus de réir na nótaí seo a leanas.
Cuir isteach 'Ní bhaineann le hábhar', 'níl' nó 'níl aon cheann' nuair is cuí sin.

***nóta a haon***

Sonraigh, le do thoil, cibé an é an dáta deiridh bliana airgeadais atá á athrú deireadh bliana airgeadais na cuideachta faoi láthair nó an deireadh bliana airgeadais roimhe seo.

Sa chás ina dtugtar an fógra seo don Chláraitheoir—
(a) beidh gach dáta deiridh bliana airgeadais ina dhiaidh sin ar chothrom lae an dáta deiridh bliana airgeadais nua arna shonrú san fhógra seo; agus
(b) dá dhroim sin, déantar tús gach ceann de na blianta airgeadais a leanfaidh an dáta deiridh bliana airgeadais nua arna shonrú amhlaidh a chur siar, nó, de réir mar a bheidh, a thabhairt ar aghaidh an tréimhse chuí ama.

***nóta a dó***

Ní fhéadfaidh Cláraitheoir na gCuideachtaí glacadh le foirm B83:

(i) dá bhfágfadh an fógra go mbeadh an bhliain airgeadais níos faide ná 18 mí nó
(ii) sa chás ina bhfuil an tréimhse maidir le ráitis airgeadais a sheachadadh ar an gCláraitheoir don bhliain airgeadais roimhe sin imithe in éag.
(iii) dá bhfágfadh an t-athrú go mbeadh bearna sna tréimhsí arna gclúdach ag ráitis airgeadais na cuideachta
(iv) dá bhfágfadh an t-athrú nach ndéanfadh an chuideachta tuairisceán bliantúil a chomhdú i mbliain éigin
(v) má dhéantar an fógra nua B83 tráth nach lú ná 5 bliana tar éis fógra B83 roimhe sin.
Maidir le pointe (v), tá díolúine ann ón riail 5 bliana faoi alt 288(10) d'Acht na Cuideachtaí 2014 i gcás foghnóthais nó gnóthas sealbhaíochta de ghnóthas eile de chuid LEE más mar an gcéanna an dáta nua um dheireadh bliana airgeadais arna shonrú agus an ceann atá ag an ngnóthas LEE eile nó sa chás ina bhfuil sé á fhoirceannadh.

***nóta a trí***

Ciallaíonn "an dáta deiridh bliana airgeadais a bhí ag an gcuideachta roimhe seo" an dáta díreach roimh a bliain airgeadais faoi láthair.

***note four***

Cuir tic sa bhosca cuí.

**Maidir le hiarratais a rinneadh leis an ODCE faoi alt 288(10)(c) CA 2014, tabhairt do d'aire le do thoil go bhfuil cumhacht an Stiúrthóra lánroghnach. Féadfar an t-iarratas a dhiúltú.**

### Tuilleadh faisnéise

***Seoladh CRO***

Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.
Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig:

**An Oifig um Chlárú Cuideachtaí,**
**Bóthar Uí Bhriain,**
**Ceatharlach**

DX:271004 Malartán DX: Carlow 2

***Íocaíocht***

Má bhíonn tú ag íoc le seic, le hordú poist nó le dréacht bainc, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le do thoil. Caithfidh seiceanna nó dréachtaí bainc a theacht ó bhanc i bPoblacht na hÉireann.

**Léigh *go cúramach* le do thoil na nótaí míniúcháin thall. Is dóigh do ndiúltófaidh an CRO d'Fhoirm B83 nach bhfuil comhlánaithe i gceart nó nach bhfuilan táille cuí ag gabháil léi agus go seolfar ar ais ag an té a sheol isteach í. Mura gcuirfear an cháipéis seo ar ais arís chuig an CRO laistigh de 14 lá, measfar nár seachadadh ar an CRO ar chor ar bith í.**

**TÁ TUILLEADH FAISNÉISE FAOI CHOMHLÁNÚ FHOIRM B83, LENA nÁIRÍTEAR AN TÁILLE FORORDAITHE, AR FÁIL AG www.cro.ie NÓ AR RÍOMHPHOST Ó info@cro.ie**